

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí – Polasaí um Nochtaí Cosanta

Úinéir an Pholasaí:	Catherine Dobbins, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha, i gcomhar le haonad an Chomhlíonra agus le haonad an Rialachais Faisnéise
Ceannasaí na Rannóige:	Catherine Dobbins, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha
An t-athbhreithniú is déanaí:	Mí Aibreáin 2024 (#9)
Dáta Ceadaithe:	Ceadaithe ag an mBord Bainistíochta i mí Aibreáin 2024
I bhfeidhm ó:	1 Bealtaine 2024
Dáta an chéad athbhreithnithe eile:	31 Nollaig 2025

Ullmhaíodh an Polasaí seo de réir na bhforálacha i gCuid 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (an tAcht). Ní mór an Polasaí seo a léamh i gcomhar leis an Acht. Ní féidir le haon ní sa Pholasaí seo forálacha an Achta a shárú. Rinneadh an Polasaí a uasdátú de réir na leasuithe ar an Acht in 2022 agus de réir na dTreoracha Reachtúla d'Fhorais Phoiblí agus do Dhaoine Fordordaithe

Cúlra

Tá an Polasaí seo i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht leis na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014– 2022. Is creat reachtúil láidir é seo trínar féidir le daoine cúiseanna imní a chur in iúl maidir le héagóir a d'fhéadfadh tarlú agus atá tugtha faoi deara acu san ionad oibre agus iad lánchinnte gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíocht agus eile má ghearrtar pionós orthu nó má dhéantar díobháil dóibh dá bharr.

Is féidir le nochtaí cosanta cabhrú le heagraíochtaí éagóir a aithint agus timpistí, fadhbanna airgeadais, cionta coiriúla agus sáruithe reachtúla a sheachaint. Má nochtar éagóir, is féidir fadhbanna a aithint agus a réiteach go luath agus srian a chur leis an dochar a dhéantar do dheacháil na heagraíochta. Tá muid tiomanta do hardchaighdeáin ionracais, trédhearcachta, mhacántachta agus chuntasachta a choinneáil, agus aithnímid go bhfuil ról tábhachtach ag ár mbaill foirne (mar aon le daoine eile a chlúdaítear faoin reachtaíocht) maidir leis na haidhmeanna seo a bhaint amach. Má tá éagóir ag tarlú, m.sh. éilliú nó míchleachtas, nó má cheiltar éagóir, is féidir go mbeadh drochthionchar mór a bheith acu ar dheacháil na heagraíochta agus na hearcaíochta seirbhíse poiblí go ginearálta, ar thoradh ár bpróiseas, agus ar ár gcultúr eagraíochta.

Is féidir le daoine a fháil amach go bhfuil duine atá ag obair san eagraíocht nó ar a son, nó a bhfuil baint acu leis an eagraíocht, ag glacadh páirt i gcleachtais mhíchuí (lena n-áirítear cleachtais mhídhleathacha nó cleachtais a sháraíonn Cóid an CCSP, an reachtaíocht fostaíochta, nó ár bpolasaithe earcaíochta féin). Is féidir go mbeadh drogall ar dhuine a thugann fadhbanna faoi deara cúis imní a chur in iúl ar eagla go mbeadh drochthionchar aige seo orthu.

Chuir muid an Polasaí seo i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta foirmiúla agus conair shlán i bhfeidhm maidir le héagóir san ionad oibre a thuairisciú agus go dtuigeann daoine gur féidir leo nochtaí den chineál seo a dhéanamh ar bhealach sábháilte agus go gcosnófar iad i gcoinne pionósaithe i ndiaidh dóibh cúiseann imní a thuairisciú. Tabharfaidh muid tacaíocht do dhaoine a dhéanann nochtaí den chineál seo a léiríonn éagóir amhrasta, dar leo (fiú sa chás nach bhfuil an ceart acu). Cuirfear cosaintí ar fáil chun nochtaí mailíseacha a sheachaint.

Cuireadh an Polasaí seo i bhfeidhm tríd an bpróiseas Comhpháirtíochta agus trí chomhairliúchán leis na forais ionadaíochta chuí do bhaill foirne san eagraíocht.

Glacann muid páirt i gclár dar teideal Ionracas san Áit Oibre, tionscnamh de chuid Transparency International (TI) Éireann, agus shínigh sí an Gealltanais maidir le hionracas san Áit Oibre. Is gealltanais poiblí é seo go gcosnófar éinne a chuireann cúis imní faoi éagóir in iúl ó phionós; go gcuirfear bearta i bhfeidhm bunaithe ar an gcúis imní sin; agus go dtabharfar treoir do dhaoine i dtaca le foinsí teorach agus tacaíochta, lena n-áirítear an líne chabhrach dar teideal Speak Up a reáchtálann TI Éireann. Tá cóip den Ghealltanais ar fáil in *Aguisín C*.

Glacann muid orainn féin gan iarraidh ar oibrí nó iar-oibrí a gceart nochtheadh cosanta a dhéanamh a tharscaoileadh i gcás ar bith nó srian a chur leo agus nochtheadh cosanta á dhéanamh acu nó srian a chur le cur i bhfeidhm aon fhorála san Acht. Díríonn muid ar an tuairisc agus ní ar na daoine a dhéanann tuairiscí (nó aon fhadhbanna/cheisteanna a bhaineann leis an duine sin).

Cuspóir



Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo oibrithe, nó iar-oibrithe, agus gach duine a chlúdaítear sa reachtaíocht leasaithe (lena n-áirítear Baill de Bhoird de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus Iarrthóirí) a spreagadh chun nochtadh a dhéanamh maidir le ceisteanna suntasacha agus cosaintí a thabhairt don duine a dhéanann an nochtadh.

Beidh an polasaí seo i bhfeidhm do gach cineál imní a d'fhéadfadh a bheith ar dhuine maidir le haon ghné dár ngníomhaíochtaí.

Sa cháipéis seo, leagtar amach an chaoi ar féidir tuairisc a dhéanamh, na cineálacha éagóra a chlúdaítear i nochtadh cosanta, na nithe a tharlaíonn nuair a fhaightear tuairisc, na cosaintí atá ar fáil i gcoinne pionósaithe i ndiaidh do dhuine cúis imní i dtaca le héagóir a thuairisciú.

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo daoine a chosaint ó phionóis nuair a dhéanann siad nochtadh maidir le heolas a fhaigheann siad i gcomhthéacs oibre. Maidir leis an bpolasaí seo, is éard atá i gceist le 'nochtadh cosanta' ná nochtadh a dhéanamh maidir le heolas a léiríonn éagóir amhrasta nó contúirt san eagraíocht, dar le duine.

Deanfaidh muid na nithe seo:

- Coinneoidh muid eolas faoin duine a dhéanann tuairisc agus faoi aon duine a ainmnítear i dtuairisc faoi rún;
- Ní chuirfidh muid suas le haon phionósú nó bhagairt i gcoinne an duine a dhéanann tuairisc nó i gcoinne daoine a bhaineann leis an duine a dhéanann tuairisc;
- Tabharfaidh muid admháil i dtaca le gach tuairisc laistigh de 7 lá;
- Déanfaidh muid gach tuairisc i dtaca le héagóir a fhiosrú ar bhealach díograiseach;
- Tabharfaidh muid aiseolas don duine a rinne an tuairisc laistigh de 3 mhí ó dháta na admhála; agus
- Tabharfaidh muid tuilleadh eolais gach 3 mhí de réir mar is gá.

Tá Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha freagrach, ag leibhéal ginearálta, as na Nósanna Imeachta a leagtar amach sa Pholasaí seo.

Is iad an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise an duine ainmnithe a bhíonn freagrach, ó lá go lá, as plé le tuairiscí. Ceapfar duine ainmnithe eile sa chás go luaitear an duine ainmnithe leis an éagóir atá i gceist nó má cheaptar go bhfuil coimhlint leasa i gceist.

Léigh an cháipéis seo sula ndéanann tú tuairisc, le do thoil. Is fút féin atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú na critéir i dtaca le cosaint faoin Acht. Má tá ceisteanna agat, téigh i dteagmháil le hEmma Adams (emma.adams@publicjobs.ie). Má tá comhairle rúnda, neamhspleách uait (comhairle dlí san áireamh) maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh, féach ar an eolas sa Pholasáí seo faoi thacaíochtaí a chuireann Trédhearcacht Idirnáisiúnta na hÉireann (Transparency International Ireland) ar fáil.

Cad is Nochtadh Cosanta ann?

Nuair a dhéanann duine tuairisc faoin Acht um Nochtaí Cosanta, deirtear go bhfuil “nochtadh cosanta á dhéanamh” acu. Is éard atá i gceist le “nochtadh cosanta” ná “eolas cuí” a nochtann “oibrí” sa chaoi a leagtar amach san Acht. Ní mór don eolas cuí a léiriú, i dtuairim réasúnta an oibrí, gur thug an t-oibrí éagóir amháin nó níos mó faoi deara i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Tá tuilleadh sonraí faoi na riachtanais seo ar fáil thíos.

Cad is eolas cuí ann?

Is éard atá i gceist leis an téarma “eolas cuí” ná eolas a léiríonn, i dtuairim réasúnta an oibrí, gur thug an t-oibrí éagóir amháin nó níos mó faoi deara i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Ní mór don eolas seo fíricí a nochtadh faoi dhuine éicint nó rud éicint, seachas a bheith ina líomhain ghinearálta nach bhfuil buntaithe ar fhíricí in aon chor.

Níor chóir d’oibrithe líomhaintí i dtaca le héagóir a fhiosrú. Tá an Duine Ainmnithe freagrach as gach tuairisc a fhiosrú.

Cad a chiallaíonn “tuairim réasúnta”?

Ní mór do thuairim an oibrí a bheith bunaithe ar chúiseanna réasúnta, ach níor chóir don oibrí a bheith ceart. Níltear ag súil leis go léireoidh oibrithe go bhfuil líomhain fíor.

Ní chuirfear aon ghníomh smachta nó eile i bhfeidhm i gcoinne oibrí a chreideann, go réasúnta, go léiríonn an t-eolas a thuiriscíonn siad éagóir, fiú sa chás go raibh an chúis imní gan bhunús. Is cuma cad a spreag an t-oibrí chun tuairisc a dhéanamh maidir le stádas an nochta mar nochtadh cosanta. Cosnófar an t-oibrí má chreideann siad, go réasúnta, go léiríonn an t-eolas a nochtann siad éagóir chúí nuair a nochtann siad é.

Sa chás nach gcreideann duine, go réasúnta, go léiríonn an t-eolas a thugann siad éagóir, ní nochtadh cosanta atá i gceist agus is féidir go mbeidh gníomh smachta i gceist. Má dhéanann duine tuairisc ina gcuireann siad eolas in iúl atá bréagach agus má tá a fhios acu go bhfuil an t-eolas sin bréagach, is cion coiriúil é sin. Má dhéantar díobháil do dhaoine de bharr go ndearnadh tuairisc bhréagach ina gcoinne d'aon ghnó, tá sé de chead acu tus a chur le cás dlí i gcoinne an duine a rinne an tuairisc.

Cad is brí leis an téarma “éagóir chuí”?

Chun a bheith cáilithe mar nochtadh cosanta, ní mór don eolas a thuairiscítear “éagóir chuí” a léiriú. Is éagóracha cuí iad na nithe seo a leanas:

- (a) go ndearnadh coir, go bhfuil coir á déanamh, nó gur cosúil go ndéanfaí coir;
- (b) gur theip ar dhuine, nó go bhfuil ag teipeadh ar dhuine cloí le haon dualgas dlí, ach amháin dualgas a thagann chun cinn i gconradh fostaíochta an oibrí nó i gconradh eile, ina n-aontaíonn an t-oibrí tabhairt faoi obair nó sheirbhísí go pearsanta;
- (c) gur tharla iomrall ceartais, go bhfuil iomrall ceartais ag tarlú, nó gur cosúil go dtarlódh iomrall ceartais;
- (d) gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht dhuine i mbaol, go bhfuil sláinte agus sábháilteacht dhuine i mbaol nó gur cosúil go mbeadh sláinte agus sábháilteacht dhuine i mbaol;
- (e) go ndearnadh dochar don timpeallacht, go bhfuil dochar á dhéanamh don timpeallacht, nó gur cosúil go ndéanfaí dochar don timpeallacht;
- (f) gur baineadh úsáid mhíchuí nó go bhfuil úsáid mhíchuí á baint nó gur cosúil go mbainfear úsáid mhíchuí, mhídhleathach nó eile, as airgead nó acmhainní de chuid forais phoiblí, nó as airgead poiblí eile;
- (g) go bhfuil gníomh nó easnamh a dhéanann foras poiblí, nó a dhéantar ar son forais phoiblí, leatromach, leithchealach nó go bhfuil mórfhailí nó drochbhainistiú i gceist;
- (h) gur sáraíodh dlí an AE, go bhfuil dlí an AE á shárú, nó gur cosúil go sárófar dlí an AE, de réir mar a leagtar amach san Acht.
- (i) gur ceileadh nó gur scriosadh eolas, go bhfuil eolas á cheilt nó á scriosadh nó gur cosúil go gceilfeadh nó go scriosadh eolas a leiríonn aon rud a leagtar amach sna hailt roimhe seo, nó go ndearnadh iarracht, go bhfuil iarracht á déanamh nó gur cosúil go ndéanfar iarracht eolas den chineál seo a cheilt nó a scriosadh.



Is cuma má tharla éagóir chuí, má tá éagóir chuí á tarlú nó más cosúil go dtarlódh éagóir chuí in Éirinn nó in áit eile agus is cuma má tá an dlí cuí i bhfeidhm in Éirinn nó in aon tír nó in aon dhúiche,

Tá an Duine Ainmnithe freagrach as gach tuairisc a fhiosrú.

Is féidir go mbeidh dualgais tuairiscithe riachtanacha ar oibrithe ina ról nó ina ngairm. Leagtar tuairisciú riachtanach amach inár Ráiteas i dtaca le Cosaint Leanaí. Is féidir go mbeidh tuairiscí den chineál seo ina nochtaí cosanta faoin Acht um Nochtaí Cosanta agus is féidir nach mbeidh, ag brath ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais an Achta. Is féidir go mbeidh cead tuairiscí a dhéanamh faoi reachtaíocht nach mbaineann leis an Acht um Nochtaí Cosanta agus faoi reachtaíocht sa bhreis. Ba chóir d'oibrithe a chinntiú go dtuigeann siad na cosaintí, má tá cosaintí ann, a chinntíonn reachtaíocht eile agus/nó an tAcht um Nochtaí Cosanta dóibh agus comhairle dlí a lorg más gá.

Cad is éagóir mhíchuí ann?

Ní éagóir chuí í ceist nach mór don oibrí nó fostóir an oibrí a aithint, a fhiosrú nó a ionchúiseamh agus nach mbaineann le gníomh nó le heasnamh de chuid an fhostóra.

Ní éagóir chuí í ceist a bhaineann le haighneas idirphearsanta a mbíonn tionchar aige ar oibrí agus ní phléifear leis faoin nós imeachta seo.

Ní éagóir chuí i gceist má theipeann ar dhuine cloí le dualgas dlí a thagann chun cinn i gconradh fostaíochta an oibrí amháin nó i gconradh eile ina n-aontaíonn an t-oibrí go gcomhlíonfaidh siad obair nó go gcuirfidh siad seirbhísí ar fáil.

Ní féidir ach oibrithe nochtaí cosanta a dhéanamh agus i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.

Is féidir go bpléifear le tuairiscí i dtaca le héagóir nach gcomhlíonann na critéir seo faoin Nós Imeachta i dtaca le hAighneas, faoin bPolasaí um Dhínit san Ionad Oibre, nó faoi Pholasaí cuí eile.

Cad is brí le comhthéacs a bhaineann leis an obair?

Is éard atá i gceist le “comhthéacs a bhaineann leis an obair” ná gníomhaíochtaí oibre reatha nó a rinneadh roimhe seo trína bhfaigheann daoine eolas a bhaineann le héagóir chúí, is cuma cén cineál gníomhaíochtaí atá nó a bhí i gceist, agus trínar féidir go ngearrfar pionós ar dhuine sa chás go dtuairisceodh siad an t-eolas sin.

Má tá imní ar dhuine maidir le héagóir nó contúirt amhrasta a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí, ba chóir dóibh í a chur in iúl faoin bPolasaí seo. Ní mór go mbeadh nasc idir an éagóir agus an obair a dhéanann an duine sa nó don eagraíocht (ní dhéanfar nochtadh a chosaint má bhaineann sé le saol pearsanta dhuine lasmuigh den eagraíocht agus le heolas nach bhfuil baint aige leis an eagraíocht).

Is féidir le hoibrithe sárúithe maidir le comhlíonadh le Cód an CCSP nó le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse a nochtadh; ní chlúdaíonn an tAcht nochtaí den chineál seo, áfach, agus ní thabharfar ach cosaint inmheánach dóibh, in ionad na cosanta reachtúla a thugtar faoin Acht. Cuireann muid fáilte roimh nochtaí den chineál seo agus tá sí tiomanta do chosaintí inmheánacha a thabhairt d’oibrithe a dhéanann nochtaí den chineál seo a thagann leis na cosaintí a fhaigheann oibrithe a dhéanann nochtaí cosanta.

Scóip

Tá an Polasaí i bhfeidhm do bhaill foirne (agus d’iar-bhaill foirne). Maidir leis na tagairtí d’oibrithe, tá iar-oibrithe agus baill foirne ó eagraíochtaí eile a oibríonn nó a d’oibrigh (faoi láthair nó roimhe seo) sa tSCP i gceist. Tá conraitheoirí neamhspleácha a oibríonn sa tSCP, daoine a fhaigheann eolas faoi éagóir chúí agus iad páirteach in idirbheartaíocht réamhchonartha, oibrithe gníomhaireachta, daoine faoi oiliúint, oibrithe deonacha, Baill de Bho(i)rd na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus daoine a thugann éagóir faoi deara le linn an phróisis earcaíochta i gceist chomh maith.

Ní chlúdaíonn an Polasaí seo gearáin phearsanta, m.sh. cásanna ina gceapann oibrí gur caitheadh go míchothrom leo nó gur labhair comhghleacaí nó bainisteoir leo go drochmheasúil nó ceisteanna eile a thiteann laistigh de scóip na Nósanna Imeachta Gearáin do Bhaill Foirne nó an Pholasaí um Dhínit sa Áit Oibre (nó do cheisteanna ar pléadh leo faoi

na nósanna imeachta seo roimhe seo). Is féidir go mbeadh ceisteanna den chineál seo cosanta faoin dlí fostaíochta ginearálta, áfach, agus ba chóir plé leo faoi na Nósanna Imeachta Gearáin nó faoin bPolasaí um Dhínit san Áit Oibre (tá cóipeanna ar fáil ar an Inlíon nó ó Aonad na nDaoine agus an Chultúir).

Tá struchtúir bhainistíochta agus rialú inmheánach i bhfeidhm sa tSCP agus tá córais i bhfeidhm chun béim a leagan ar mhírialtachtaí. Murar féidir úsáid a bhaint as na struchtúir atá i bhfeidhm cheana féin ar chúis ar bith, áfach, ba chóir úsáid a bhaint as an bPolasaí seo. Tá córas nochtá céimnithe i gceist san Acht, agus tá tairseacha éagsúla i gceist do gach céim, maidir le fianaise. Is féidir fadhbanna amhrasta a nochtadh go himmheánach gan fianaise a thabhairt; spreagtar daoine chun cúiseanna imní a chur in iúl a luaithe is féidir (glacfar le hamhras réasúnta maidir le héagóir agus ní gá fianaise thacaíochta a chur ar fáil).

Tá forálacha tuairiscithe ar fáil sna polasaithe seo a leanas cheana féin:

- Polasaí Calaoise agus Frith-Éillithe na SCP
- Treoirleá do Bhaill Foirne maidir leis na Cóid Caighdeán agus Iompair
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá na forálacha tuairiscithe cuí a bhaineann leis na polasaithe seo ar fáil in Aguisín A. Is féidir go nglacfaí leis gur nochtadh cosanta atá i gceist le fadhbanna a chuirtear in iúl faoi na nósanna imeachta seo agus is féidir le hoibrithe úsáid a bhaint as na nósanna imeachta tuairiscithe a leagtar amach sa pholasáí seo.

Mura bhfuil oibrí cinnte ar chóir plé le ceist mar ghearán nó mar nochtadh cosanta, is féidir leo comhairle a fháil ón Líne Chabhrach dar teideal Speak Up a reáchtáilann TI Éireann ar 1800 844 866, idir an Luan agus an Aoine, 10r.n.-6i.n. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh trí fhoirm shábháilte ar líne nó trí théacs criptithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.speakup.ie. Más cuí, is féidir le hoibrithe ar an Líne Chabhrach, Speak Up, glaoiteoirí a chur ar aghaidh chun comhairle dlí a fháil saor in aisce ón Ionad um Chomhairle Dlí de chuid Transparency (féach ar <https://www.transparency.ie/helpline/TLAC>). Tá treoir maidir le Nochtadh Cosanta a dhéanamh ar fáil ar <https://transparency.ie/resources/whistleblowing/speak-safely-guide>

Níor chóir d'oibrí a bheith cinnte faoi na fíricí ina nochtadh; má cheapann siad, ar chúiseanna réasúnta, go léiríonn an t-eolas éagóir nó cineálacha éagóra éagsúla agus má tháinig an t-oibrí ar an eolas agus iad i mbun oibre, is leor é sin.

Nósanna Imeachta Tuairiscithe

Tá Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha freagrach as an bPolasaí seo go ginearálta agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a chuirtear i bhfeidhm mar fhreagairt ar chúiseanna inní a chuirtear in iúl faoin bpolasaí seo.

Ba chóir nochtaí faoin bpolasaí seo a dhéanamh don fhaighteoir cuí, de réir mar a leagtar amach thíos. Ba chóir glacadh leis an líne tuairiscithe eile seo mar rogha sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann agus baintear úsáid as na struchtúir bhainistíochta agus an rialú inmheánach chun mírialtachtaí a aithint agus aird a dhíriú orthu de ghnáth.

Conairí Nochta Tosaigh

Ba chóir d'oibrithe a gcúis inní a phlé lena mbainisteoir líne nó le bainisteoir sinsearach ina réimse; ba chóir do bhaill de bhoird roghnaithe a gcúis inní a phlé leis an mBainisteoir Earcaíochta/Aonaid cuí nó le bainisteoir sinsearach sa réimse sin.

Ní gá admháil fhoirmiúil a thabhairt i dtaca le cúiseanna inní a ardaítear le bainiteoirí líne agus nó gá tuairiscí agus aiseolas a chur ar fáil de réir an pholasaí seo, toisc gur cuid den phróiseas neamhfhoirmiúil iad. É sin ráite, ba chóir do Bhainisteoirí Líne gach cúis inní a fhiosrú agus aiseolas a thabhairt don duine a dhéanann an tuairisc go dtí go réitítear an cheist.

Mura bhfuil fonn ar an oibrí a c(h)úis inní a chur in iúl don bhainisteoir líne nó do bhainisteoir sinsearach, ar chúis ar bith, is féidir leis an oibrí dul i dteagmháil leis na daoine seo a leanas:

- aon bhainisteoir ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó ag leibhéal an Phríomhoifigigh;
- An Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise (Duine Ainmnithe);
- Cathaoirleach Bhord na SCP (Tom Moran).

Is féidir le hoibrithe a gcúiseanna inní a chur in iúl d'Aire Rialtais, atá freagrach as aon fheidhm a bhaineann leis an tSCP faoi aon achtú (lena n-áirítear an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Soláthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe). Ba chóir



d'oibriú a chur in iúl go ndéantar aon nochtadh d'Aire faoi Chuid 8 den Acht um Nochtaí Cosanta.

Is féidir le Baill de Bhord na SCP a gcúis imní a phlé leis an bPOF agus, ina dhiaidh sin, más gá, le Cathaoirleach an Bhoird nó le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta.

Ba chóir d'iarrthóirí (a thugann éagóir faoi deara le linn an phróisis roghnaithe) a gcúis imní a phlé le hAthbhreithneoir Foirmiúil trí CEOMailbox@publicjobs.ie agus, ina dhiaidh sin, más gá, leis an gCeannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise.

Ní mór d'oibrithe agus éinne a dhéanann nochtadh (agus aon duine a gcuirtear nochtadh in iúl dóibh) breithiúnas a úsáid agus a bheith tiomanta don phróiseas tuairiscithe agus fiosrúcháin a choimeád faoi rún, nuair is féidir.

Nochtaí do Dhaoine Ainmnithe, don Choimisinéir um Nochtaí Cosanta agus do Dhuine Freagrach Eile

Tá liosta de dhaoine nó forais fhorordaithe maidir le cineálacha fadhbanna ar leith a thuairisciú ar fáil ar an Inlíon nó ar gov.ie - [Nochtaí Cosanta \(Sceithireacht\): Liosta de dhaoine forordaithe \(www.gov.ie\)](http://gov.ie).

Is féidir nochtadh a dhéanamh do dhuine forordaithe nuair atá údar ag an oibrí a cheapadh go bhfuil a nochtadh fíor a bheag nó a mhór. Is féidir tuairiscí a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn. Ní mór do dhuine forordaithe eolas faoi dhuine a bhaineann le tuairisc a chosaint.

Is féidir tuairiscí a dhéanamh don Choimisinéir um Nochtaí Cosanta chomh maith ([Faoin gCoimisinéir um Nochtaí Cosanta | OPDC.ie](http://www.opdc.ie)) (ó bhéal agus i scríbhinn) a sheolfaidh an tuairisc ar aghaidh chuig rialálaí oiriúnach.

Má chreideann oibrí go mbaineann an éagóir le hiompar dhuine eile amháin nó go príomha le hiompar dhuine eile (seachas leis an eagraíocht seo) nó le rud as a bhfuil an duine eile freagrach, de réir dlí, is féidir leis an oibrí nochtadh a dhéanamh dóibh.

Nochtaí i gCásanna Eile

Den chuid is mó, níor chóir go mbeadh ar dhaoine nochtaí a dhéanamh d'éinne lasmuigh den eagraíocht; glactar leis gur féidir le daoine dul i dteagmháil le foras seachtrach ar bhealach sábháilte agus cuí. I gcásanna áirithe, is féidir go mbeadh sé oiriúnach agus riachtanach tuairisc a dhéanamh d'fhoras seachtrach, m.sh. An Garda Síochána nó Rialálaí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach (go háirithe maidir le nochtaí do na meáin) go bhfuil riachtanais dhochta i gceist faoi Chuid 10 den Acht maidir le nochtaí den chineál seo a dhéanamh mar nochtaí cosanta. Molaimid go láidir d'oibrithe comhairle a lorg sula gcuireann siad cúis inní in iúl go seachtrach.

Má dhéantar nochtadh den chineál seo:

- ní mór údar a bheith ag an duine a dhéanann an nochtadh a cheapadh go bhfuil na nithe atá á nochtadh fíor a bheag nó a mhór;
- níl cead nochtadh a dhéanamh ar son do leasa féin;
- ní mór go mbeadh sé réasúnta an nochtadh a dhéanamh (socrófar réasúntacht an nochta bunaithe ar na nithe seo a leanas: an duine dona ndéantar an nochtadh, tromhchúis na héagóra, agus an bhfuil an éagóir fós ar siúl nó an bhfuil an chuma ar an scéal gur cosúil go leanfaidh sí ar aghaidh?);
- Ní mór go mbeadh údar ag an duine a dhéanann an nochtadh a cheapadh go ngearrfar pionós orthu **nó** mura bhfuil duine forordaithe ann agus má cheapann an t-oibrí go bhfaighidh réidh le fianaise; **nó** má rinne an t-oibrí nochtadh faoin eolas céanna cheana féin (agus mura ndeachaigh an tSCP i ngleic leis); **agus/nó** má tá an éagóir atá i gceist an-tromchúiseach.

Moltar d'oibrithe a nochtadh a dhéanamh go himmheánach, fiú má rinne siad tuairisc sheachtrach cheana féin. Cabhraíonn sé sin linn éagóir a aithint agus dul i ngleic léi a luaithe is féidir. Ina theannta sin, cabhraíonn sé linn an t-oibrí a chosaint ó aon pionós a d'fhéadfadh tarlú de bharr nochta.

Nochtadh a Dhéanamh

Ba chóir nochtaí a dhéanamh i scríbhinn nó go leictreonach nuair is féidir. Moltar gur chóir na sonraí seo a leanas, ar a laghad, a bheith ar fáil i dtuairiscí:-

(a) gur nochtadh cosanta atá i gceist leis an tuairisc agus go bhfuil an nochtadh seo á dhéanamh faoi na Nósanna Imeachta;

- (b) ainm an duine a bhfuil an tuairisc á déanamh acu, a bpost/stádas san eagraíocht, an t-ionad oibre agus sonraí teagmhála rúnda;
- (c) an dáta ar ar tharla an éagóir a líomhnaíodh (má tá sé sin ar eolas) nó an dáta ar ar thosaigh nó ar ar aithníodh an éagóir a líomhnaíodh;
- (d) deimhniú go bhfuil nó nach bhfuil an éagóir ag tarlú fós;
- (e) deimhniú gur nochtadh nó nár nochtadh an éagóir a líomhnaíodh cheana agus, má nochtadh, sonraí faoin duine donar nochtadh í, faoi chathain a nochtadh í, agus faoi aon bhearta a cuireadh i bhfeidhm;
- (f) eolas faoin éagóir a líomhnaíodh (cad atá ag tarlú/cad a tharla agus conas) agus an eolas sa bhreis;
- (g) Ainm aon duine/daoine a bhfuil baint acu leis an éagóir a líomhnaíodh (má tá an t-ainm/na hainmneacha sin ar eolas agus má cheapann an t-oibrí gur gá duine a ainmniú chun an éagóir a líomhnaíodh a thuairisciú); agus
- (h) aon eolas ábhartha eile.

Má dhéantar nochtadh ó bhéal, déanfaidh an faighteoir é a thaifeadadh agus beidh ainm an nochtóra ar fáil sa taifead mar aon leis an eolas a leagtar amach thuas (má tá sé sin ar fáil). Is féidir tuairisc a dhéanamh trí chruinniú aghaidh ar aghaidh, ar iarratas. Tabharfar deis don duine a thuairiscíonn aon mhiontuairiscí/nochtadh a bhfuil fianaise leis a sheiceáil agus a cheartú agus a shíniú.

Má fhaightear comhairle ó shaineolaí go luath, is féidir a chinntiú go ndéanann an nochtóir a dtuairisc ar an mbealach ceart don duine nó don fhoras cuí. Mar chuid den Ghealltanas IAW, tá muid tiomanta 'd'oibríthe a spreagadh chun comhairle ghairmiúil a lorg sula ndéanann siad tuairisc nó tar éis dóibh tuairisc a dhéanamh'.

Toisc gur ball den chlár dar teideal Ionracas san Áit Oibre, tionscnamh de chuid Transparency International (TI) Éireann, í an eagraíocht, tá comhairle neamhspleách agus rúnda ar fáil d'oibríthe atá ag smaoineamh ar nochtadh cosanta a dhéanamh tríd an Líne Chabhrach dar teideal Speak Up a reáchtálann TI Éireann ar 1800 844 866, ón Luan go dtí an Aoine, 10r.n.-6i.n. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh trí fhoirm shábháilte ar líne nó trí théacs criptithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.speakup.ie. Más cuí, is féidir le hoibríthe ar an Líne Chabhrach, Speak Up, glaoiteoirí a chur ar aghaidh chun comhairle dlí a fháil saor in aisce ón Ionad um Chomhairle Dlí de chuid Transparency (féach ar



<https://www.transparency.ie/helpline/TLAC>). Tá treoir maidir le Nochtadh Cosanta a dhéanamh ar fáil ar <https://transparency.ie/resources/whistleblowing/speak-safely-guide>

Rúndacht

Tá súil againn go mbeidh oibrithe in ann a gcúisenna imní a chur in iúl go hoscailte faoin bpolasaí seo.

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do rúndacht an eolais faoi oibrithe a ardaíonn cúis imní faoi na nósanna imeachta seo agus an eolais faoi aon tríú páirtí a luaitear i dtuairisc a chosaint agus do phlé leis an eolas a chuirtear in iúl go rúnda.

Ní bheidh rochtain ach ag na daoine sin a fhaigheann an nochtadh agus baill den fhoireann chomhlíonta a bhfuil baint acu le fiosrú na ceiste ar an eolas rúnda uilig a bhaineann leis an bhfiosrúchán agus leis an nochtadh.

Ach amháin na heisceachtaí a leagtar amach thíos, ní roinnfear eolas faoin duine a dhéanann tuairisc nó aon eolas ónar féidir iad a aithint, ar bhealach díreach nó indíreach, le héinne ach amháin leis na daoine a bhfuil cead acu glacadh agus plé le tuairiscí a dhéantar faoin bpolasaí seo agus tuairiscí den chineál seo a fhiosrú gan cead a fháil ón duine a dhéanann an tuairisc.

Tá forálacha faoin Acht um Nochtaí Cosanta maidir le heisceachtaí inar féidir eolas faoin duine a dhéanann tuairisc nó eolas ónar féidir iad a aithint a nochtadh gan cead a fháil ón duine a dhéanann an tuairisc. Is iad sin:

- (a) Más dualgas riachtanach agus comhréireach é an nochtadh a cuireadh i bhfeidhm faoi dhlí an AE nó faoi dhlí náisiúnta i gcomhthéacs fiosrúchán nó nósanna imeachta breithiúnacha, lena n-áirítear cearta cosanta dhaoine a bhfuil acu leis an éagóir a líomhnaíodh a chosaint;
- (b) Sa chás go léiríonn an duine dona ndearnadh an tuairisc nó lenar roinneadh an tuairisc gur ghlac sé céimeanna réasúnta chun a chinntiú nár nochtadh eolas faoin duine a rinne an tuairisc nó eolas ónar féidir an duine a rinne an tuairisc a aithint;
- (c) Sa chás go gcreideann an duine dona ndearnadh nó lenar roinneadh an tuairisc gur gá eolas faoin duine a rinne an tuairisc nó eolas ónar féidir iad a aithint chun riosca tromchúiseach i dtaca le slándáol an Stáit, i dtaca leis an tsláinte phoiblí, i dtaca le sábháilteacht an phobail nó leis an gcomhshaoil a sheachaint; agus

(d) Sa chás gur gá an nochtadh a dhéanamh faoin dlí.

Sa chás gur gá eolas faoin duine a dhéanann tuairisc nó eolas ónar féidir iad a aithint a nochtadh faoi na heiseachtaí in (a) go (d) thuas, tabharfar fógra don duine a dhéanann tuairisc i scríbhinn agus roimh ré, ach amháin sa chás go gcuirfear fógra den chineál seo aon cheann de na nithe seo a leanas i mbaol:

- Fiosrú éifeachtach ar an éagóir a tuairiscíodh;
- Riosca tromchúiseach i dtaca le slándáil an Stáit, i dtaca le sláinte phoiblí, i dtaca sábháilteacht an phobail nó i dtaca leis an gcomhshaoil a sheachaint; nó
- Coireacht a chosc agus cion coiriúil a ionchúiseamh.

Is féidir le duine a dhéanann tuairisc iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh eolas fúthu a nochtadh faoin gCóras Athbhreithnithe a leagtar amach sa pholasaí seo.

Is féidir go mbeidh cúinsí i gceist ina mbeadh sé an-deacair nó indéanta eolas pearsanta a chosaint— m.sh. sa chás gur féidir an duine a dhéanann tuairisc a aithint go héasca de bharr an eolais a chuirtear in iúl. Má tharlaíonn sé seo, leagfar amach na rioscaí agus na bearta a d'fhéafaí cur i bhfeidhm chun iad a laghdú agus pléifear iad leis an duine a dhéanann tuairisc.

Níl cead ag fostaithe eile iarracht a dhéanamh duine a dhéanann tuairisc a aithint. Má dhéantar sin, d'fhéadfaí pionós a chur i bhfeidhm.

Ba chóir d'oibrí gearán a dhéanamh do Cheannasaí na Seirbhísí Corparáideacha má cheapann siad gur nochtadh eolas pearsanta fúthu.

De réir phrionsabail an cheartais aiceanta, ní gá ainm an duine a nochtann éagóir amhrasta a nochtadh chun cearta an duine a ndéantar líomhain ina (h)aghaidh a chosaint. Ní bhaineann gach nochtadh le líomhaintí i gcoinne daoine a ainmnítear. Má bhaineann, déanfar cearta an duine a ndéantar líomhain ina (h)aghaidh a chosaint agus caithfear go cothrom agus go seasmhach leo. Tabharfar eolas dóibh faoi aon éagóir a líomhnaíodh agus tabharfar deis dóibh an tuairisc a fhreagairt ar bhealach iomlán agus gheobhaidh siad éisteacht chothrom agus neamhchlaonta.

Má cheaptar go bhfuil fiosrúchán ag teastáil chun dul i ngleic le nochtadh maidir le héagóir, is féidir go ndéanfar iniúchadh tosaigh chun a fháil amach an bhfuil aon bhunús leis an tuairisc. Mura léiríonn anailís tosaigh ar nochtadh fianaise maidir le héagóir, ní dhéanfar iniúchadh iomlán agus cuirfear an t-eolas seo in iúl don duine a rinne an líomhain.

Má tá sé riachtanach an líomhain a phlé leis an duine lena mbaineann sí nó eolas a lorg uathu, tabharfar sonraí na líomhna dóibh agus beidh an deis acu freagra a thabhairt ar an líomhain agus í a cheistiú. I gcásanna den chineál seo, níl sé riachtanach sonraí faoin oibrí a rinne an líomhain a nochtadh. Cuirfear na nithe seo a leanas in iúl don duine a ndéantar líomhain ina (h)aghaidh i scríbhinn:

- go ndearnadh líomhain ina (h)aghaidh;
- go bhfuarthas an nochtadh agus go bhfuil sé á iniúchadh go foirmiúil ag duine a ainmnítear chun teacht ar na fíricí;
- nach mbaintear conclúid as an eolas go dtí go dtagtar ar na fíricí;
- go bhfuiltear ag súil leis go gcabhróidh siad leis an iniúchóir a oiread agus is féidir;
- go bhfuil fonn ar an iniúchóir iad a chur faoi agallamh ag am agus in áit ar leith;
- gur féidir leo duine a thabhairt leo chuig an agallamh;
- go bhfuil sé de cheart acu ráiteas a dhéanamh faoin líomhain, ó bhéal nó i scríbhinn;
- go gcaithfear leis an gcás le rúndacht agus go príobháideach a oiread agus is féidir.

Má chuirtear bearta i bhfeidhm bunaithe ar nochtadh a d'fhéadfadh sonraí faoin nochtóir a nochtadh, rachfar i gcomhairle leis an nochtóir, nuair is féidir, chun cead a fháil uathu (lena n-áirítear aon nochtadh a dhéantar do pháirtí seachtrach). Má thagann sé chun solais nach féidir rúndacht an nochtóra a chinntiú, tabharfar eolas don nochtóir faoi na straitéisí tacaíochta atá á gcur i bhfeidhm chun cabhrú leo.

Beidh calaois smachta i gceist má nochtann faighteoir an nochtá nó an duine dona gcuirtear ar aghaidh é sonraí faoin nochtóir nó aon eolas a d'fhéadfadh sonraí faoin nochtóir a nochtadh mura bhfuil cúis mhaith leis seo. Má tá cailleanas ar bith ar an nochtóir dá bharr, is féidir leo gníomhartha a dhéanamh, de réir mar a leagtar amach san Acht.

Coinnítear gach taifead ar nochtá ar bhealach slán chun cloí leis na riachtanais rúndachta faoin Acht agus leis an reachtaíocht Chosanta Sonraí.

Nochtaí Gan Ainm

Spreagtar an duine a dhéanann an nochtadh chun a (h)ainm a chur leis nuair is féidir. Is féidir tuairiscí a dhéanamh go hanaithnid. Sa chás go ndéanann duine tuairisc go hanaithnid agus má gcomhlíonann a dtuairisc riachtanais an Achta, beidh siad i dteideal gach cosanta faoin Acht.

Déanfar tuairiscí a dhéantar go hanaithnid a fhiosrú chomh fada is féidir, má thugtar dóthain eolais chun fiosrúchán a éascú. Is féidir nach mbeidh sé indéanta measúnú agus fiosrúchán iomlán a dhéanamh ar thuairisc a dhéantar go hanaithnid, áfach. Ina theannta sin, is féidir nach mbeidh sé indéanta gnéithe ar leith den pholasaí seo – m.sh. eolas breise a lorg, cumarsáid a choinneáil agus eolas pearsanta faoin duine a dhéanann tuairisc a chosaint nó iad a chosaint ó phionós – a chur i bhfeidhm.

Measúnú, Iniuchadh agus Torthaí

Nuair a fhaightear aon nochtadh scríofa faoin bpolasaí seo, cuirfidh an faighteoir an t-eolas ar aghaidh chuig an gCeannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise (Duine Ainmnithe). Beidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise freagrach as gach nochtadh a mheas agus a iniúchadh ar bhealach pras agus cuí. Tabharfar admháil go bhfuarthas gach tuairisc (laistigh de 7 lá) agus tabharfar cóip de na nósanna imeachta ar fáil leis an admháil (mar aon le heolas faoin amlíne mheasta don phróiseas measúnaithe agus fiosrúchán).

Déanfaidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise measúnú tosaigh ar an nochtadh chun a fháil amach an dtiteann sé faoi réimse freagrachta an Pholasaí seo agus an gá iniúchadh a dhéanamh ar an nochtadh (lena n-áirítear: an bhfuil fianaise prima facie ann i dtaca le héagóir). Beidh an measúnú seo bunaithe ar rioscaí a chur in ord tosaíochta, maidir leis an riachtanas iniúchadh a dhéanamh agus cineál agus scóip an iniúchta a bheadh ag teastáil (m.sh. mion-iniúchadh cuimsitheach ar éagóir thromchúiseach, nó modhanna níos neamhfhoirmiúla do nochtaí a bhaineann le héagóir nach bhfuil chomh tromchúiseach sin). Mar chuid den mheasúnú seo, is féidir go ndéanfar teagmháil leis an duine a dhéanann tuairisc, más gá, chun eolas sa bhreis nó soiléiriú a lorg i dtaca leis an gceist/na ceisteanna a tuairiscíodh.

Is féidir go mbeidh sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh ar an eolas atá ar fáil sa tuairisc. Is féidir nach dtitfidh gach ceist a tuairiscíodh faoi scóip an pholasaí seo nó an Achta um

Nochtaí Cosanta. Is féidir go mbeidh sé riachtanach plé le gnéithe ar leith de thuairisc ina n-aonar agus is féidir go bpléifear le ceisteanna ar leith faoi pholasaí nó nósanna imeachta eile cuí (m.sh. gearáin phearsanta).

Is féidir go socróidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise nach bhfuil fianaise prima facie ann i dtaca le héagóir agus an cás a dhúnadh nó plé leis an gceist faoi nós imeacht cuí eile. Cuirfidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise toradh an mheasúnaithe in iúl don duine a rinne an nochtadh (lena n-áirítear an t-eolas seo a leanas: an ndéanfaidh tuilleadh iniúchta ar an gceist? Cén bearta atá curtha i bhfeidhm, má tá?) agus don fhaighteoir (más cuí). Tabharfar aiseolas do na daoine a chuir an tuairisc isteach ag gach príomhstaid den phróiseas agus laistigh de 3 mhí ó cuireadh an tuairisc isteach ar dtús (agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin, ar iarratas, má leanann an fiosrúchán ar aghaidh).

Má shocraítear go ndéanfar iniúchadh, socrófar scóip agus téarmaí tagartha an iniúchta sula ndéantar é. Ceapfaidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise duine cuí ón tSCP chun an fiosrúchán a dhéanamh nó déanfaidh siad an fiosrúchán iad féin, ag brath ar leibhéal na héagóra a líomhnaíodh.

Maidir le ceisteanna áirithe, is féidir go mbeidh gá le saineolaí ábhair ar leith a fháil chun iniúchadh a dhéanamh nó is féidir go mbeadh sé riachtanach an cheist a thuairisciú don Gharda Síochána ionas gur féidir leo í a fhiosrú. I gcásanna eile, is féidir go gceapfaidh Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha tríú páirtí seachtrach chun an cheist a iniúchadh, i gcásanna ina bhfuil saineolas ag an tríú páirtí ar an ábhar. Tabharfaidh an Fiosraitheoir eolas don nochtóir ó am go ham (más féidir) maidir le dul chun cinn an iniúchta agus de réir sprioc-amanna a leagadh amach roimhe sin.

Is féidir go mbainfear úsáid as próiseas neamhfhoirmiúil chun dul i ngleic le nochtadh, ná tá an éagóir a líomhnaíodh simplí go leor nó mura bhfuil sí róthromchúiseach nó mura bhfuil gá le machnamh a dhéanamh ar thorthaí diúltacha d'aon duine. I gcásanna áirithe, is féidir go gcuirfear próiseas neamhfhoirmiúil i bhfeidhm ar dtús, ach go mbeidh sé riachtanach fiosrúchán foirmiúil a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Is féidir go n-iarrfar ar an nochtóir bualadh leis an iniúchóir agus tuilleadh eolais a thabhairt. Tuairisceoidh an t-iniúchóir ar an iniúchadh.

Déanfar fiosrúcháin de réir phrionsabail ghinearálta an cheartais aiceanta agus na nósanna imeachta cothroma. Déanfar iniúchtaí ar bhealach neamhchlaonta agus cloífear le próisis chúí. Ní mór rúndacht an oibrí a dhéanann an nochtadh agus rúndacht an duine a ndéanfar an líomhain ina (h)aghaidh agus rúndacht aon duine eile a bhfuil baint acu leis an nochtadh a chosaint.

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as líomhaintí i dtaca le héagóir a fhiosrú, ní an duine a dhéanann tuairisc. Níor chóir do dhaoine a dhéanann tuairisc iarracht a dhéanamh éagóir a fhiosrú iad féin.

Seolfar tuairisc an iniúcháin chuig an gCeannasáí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise agus déanfaidh siad cinneadh maidir leis na bearta atá ag teastáil, má tá bearta ag teastáil. Tabharfaidh an Ceannasáí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise eolas don nochtóir faoi dhul chun cinn an iniúchta agus faoin tréimhse ama a bheidh i gceist. Toisc go mbeidh orthu rúndacht a chosaint, agus iniúchadh cothrom agus cuimsitheach a éascu, is féidir nach mbeidh an Ceannasáí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise in ann sonraí ar leith faoin iniúchadh a thabhairt.

Tá gach eolas faoi rún agus níor chóir don duine a dhéanann tuairisc a nochtadh ach amháin:

- (a) mar chuid den phróiseas chun comhairle dlí a lorg maidir lena dtuairisc ó aturnae nó ó abhcóide nó ó oifigeach ón gceardchumann; nó
- (b) má tá sé ag teastáil chun tuairisc bhreise a dhéanamh tríd an mbealach seo nó trí bhealach tuairiscithe eile a bhaineann leis an Acht.

Maidir le haiseolas, beidh eolas faoi na bearta a cuireadh i bhfeidhm nó ar chóir a chur i bhfeidhm de bharr an tuairiscithe sin agus na cúiseanna taobh thiar de na bearta sin i gceist. Ní bheidh aon eolas san aiseolas a mbeadh tionchar aige ar thoradh fiosrúcháin nó ar aon bheart eile a chuirfí i bhfeidhm.

Ní bheidh aon eolas san aiseolas maidir le tríú páirtí inaitheanta nó do-aitheanta. Go háirithe, ní bheidh aon eolas san aiseolas maidir le haon phróiseas smachta a bhaineann le hoibrí eile. Tá an t-eolas seo faoi rún idir an fostóir agus

an t-oibrí. Má shocraítear i ndiaidh an phróisis fiosrúcháin nár tharla aon éagóir, cuirfear seo in iúl don duine a rinne tuairisc i scríbhinn agus curfear na cúiseanna taobh thair den chinneadh in iúl chomh maith. Is féidir iarratas a chur isteach ar athbhreithniú ar an gcinneadh seo.

Cuirfear toradh deiridh an phróisis dona gcuireann an tuairisc tús in iúl don duine a rinne tuairisc, ag cloí le haon srianta dlí i dtaca le rúndacht, pribhléid dlí, príobháideacht agus cosaint sonraí nó aon dualgas dlí eile.

Má shocraíonn an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise go bhfuil líomhain bhréagach déanta ag an oibrí, d'aon ghnó nó go mailíseach nó ar son a leasa féin, is féidir go gcuirfear bearta smachta i bhfeidhm orthu, de réir an Chóid Smachta agus cuirfear an cás ar aghaidh chuig Ceannasaí na nDaoine agus an Chultúir. I gcásanna den chinéal seo, ní bheadh cosaint ag an oibrí faoin Acht. Cuireann líomhaintí bréagacha, mar aon leis an tionchar a bhíonn acu ar na daoine lena mbaineann siad, isteach go mór ar spricoanna an Achta, agus caithfear leo mar cheist smachta thromchúiseach.

Má shocraíonn an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise go bhfuil líomhain bhréagach déanta ag iarrthóir, d'aon ghnó nó go mailíseach nó ar son a leasa féin, is féidir go gcuirfear bearta breise i bhfeidhm orthu, de réir an Pholasaí um Iompar Míreasúnta. I gcásanna den chinéal seo, ní bheadh cosaint ag an iarrthóir faoin Acht. Cuireann líomhaintí bréagacha, mar aon leis an tionchar a bhíonn acu ar na daoine lena mbaineann siad, isteach go mór ar spricoanna an Achta, agus caithfear leo mar cheist thromchúiseach.

Má shocraíonn an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise nach bhfuil aon chás *prima facie* ann le freagairt maidir le nochtadh, tuairisceofar achoimre ar an nochtadh don Choiste Iniúchta agus do Bhord na SCP.

I ndiaidh aon fhiosrúcháin, agus i ndiaidh don Cheannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise cinneadh a dhéanamh, cuirfear tuairisc scríofa ar aghaidh chuig an gCoiste Iniúchta agus chuig Bord na SCP, ina mbeidh an t-eolas seo a leanas:

- cur síos ar an nochtadh agus torthaí an iniúchta
- an tionchar a bhí ag an nochtadh ar an tSCP, má bhí
- an cineál míchleachtais nó mí-ionracais

- na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlóidh sé arís
- na bearta atá ag teastáil chun freagairtí faoin bpolasaí seo a neartú
- conclúid maidir leis an gcaoi ar chóir leanúint ar aghaidh
- an ndearnadh aon tuairisc, nó an gá aon tuairisc a dhéanamh, do thríú páirtí?
- aon eolas ábhartha eile

Cosaint agus Tacaíocht do Dhaoine a Dhéanann Nochtadh

Tá sé mar aidhm againn oscailteacht a spreagadh agus tabharfaidh sí tacaíocht dóibh siúd a chuireann cúis inní in iúl faoin bpolasaí seo, fiú má fhaightear amach go raibh siad mícheart.

Cosnóidh muid oibrithe ó phionóis fhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla má dhéanann siad tuairisc, ach amháin má rinne siad tuairisc bhréige d'aon ghnó.

Ní ghlacfaidh muid le haon phionóis dóibh siúd a chuireann éagóir amhrasta in iúl ar chúis réasúnta agus, má ghearrtar aon phionóis orthu, nó má dhéantar iarracht aon phionóis a ghearradh orthu, ceist smachta a bheidh i gceist (bheadh sé de chead acu siúd ar ar gearradh pionós tús a chur le cás dlí faoin Acht). Má ghearrtar pionós ar dhuine a dhéanann tuairisc, is cion coiriúil é seo anois chomh maith.

Maidir le pionóis, tá na nithe seo a leanas san áireamh ach ní liosta iomlán é seo:

- (a) Fionraíocht, duine a bhriseadh as a bpost, dífhostú;
- (b) ísliú céime, deis ardaithe céime a chailleadh nó ardú céime a choinneáil siar;
- (c) dualgais a aistriú, ionad oibre a athrú, laghdú pá, nó uaireanta oibre a athrú;
- (d) bearta smachta a chur i bhfeidhm ar an duine, íde béil a thabhairt dóibh nó pionós a ghearradh orthu (lena n-áirítear pionós airgeadais);
- (e) Comhléigean, imeaglú, ciapadh nó dúdhiúltú;
- (f) Leithcheal, míbhuntáiste nó caitheamh leis an duine ar bhealach míchothrom;
- (g) Gortú, dochar nó cailteanas;
- (h) Bagairt maidir le díoltas;
- (i) oiliúint a choinneáil siar;
- (j) measúnú diúltach ar fheidhmíocht nó teistiméireacht fostaíochta dhiúltach;
- (k) Gan conradh buan fostaíochta a dhéanamh as conradh sealadach, sa chás go mbeadh an t-oibriú ag súil leis, ar bhealach réasúnta, go dtairgfí fostaíocht bhuan dóibh;

- (l) Gan conradh fostaíochta sealadach a athnuachan nó deireadh a chur le conradh fostaíochta sealadach go luath;
- (m) Dochar, lena n-áirítear do dhea-cháil an oibrí, go háirithe ar na meáin shóisialta, nó cailteanas airgeadais, lena n-áirítear cailteanas gnó agus cailteanas ioncaim;
- (n) Duine a chur ar liosta dubh trí chomhaontú d'earnáil iomlán nó do thionscal iomlán, ar bhealach neamhfhoirmiúil nó foirmiúil, a d'fhéadfadh a chinntiú nach mbeidh an duine sin in ann fostaíocht a fháil san earnáil nó sa tionscal amach anseo;
- (o) Deireadh a chur le conradh d'earraí nó sheirbhísí nó conradh den chineál seo a chur ar ceal;
- (p) Ceadúnas a chur ar ceal; agus
- (q) atreoruithe síciatrachta nó leighis.

Cuirfear bearta i bhfeidhm, bearta smachta san áireamh, i gcoinne oibrí a ghearrann pionós ar dhuine a dhéanann tuairisc nó ar dhuine eile de bharr go ndearna siad nochtadh cosanta.

Ní dhéantar bainistíocht ar oibrí a rinne nochtadh cosanta trí phionós de ghnáth.

Má dhéantar nochtadh cosanta le linn fiosrúcháin nó le linn próisis smachta a bhaineann leis an duine a dhéanann tuairisc, ní chiallaíonn sé sin go mbeidh tionchar ag an tuairisc ar an bhfiosrúchán nó ar an bpróiseas smachta. De ghnáth, leanfar ar aghaidh le próisis nach mbaineann leis an nochtadh.

Má nochtann oibrí éagóir amhrasta, ní thugann sé sin cosaint nó díolúine dóibh maidir le haon bhaint a bhí acu leis an éagóir a líomhnaíodh.

Déanfaidh an duine a ghlacann le nochtadh cosanta foirmiúil measúnú riosca maidir le pionós. Déanfaidh siad teagmháil leis an duine a dhéanann an tuairisc maidir le fíricí éagsúla, m.sh.:

- An bhfuil imní ar an duine a bhfuil an tuairisc á déanamh acu faoi phionós a d'fhéadfadh tarlú agus cén fáth?
- An cineál éagóra a líomhnaíodh agus tromchúis na héagóra agus stádas an chiontóra amhrasta;
- Leochaileacht an duine a bhfuil an tuairisc á déanamh acu maidir le stádas fostaíochta agus cúinsí eile;

- Cúlra an duine a bhfuil an tuairisc á déanamh acu agus cúlra na heagraíochta maidir le pionóis roimhe seo.
- Déanfaidh an fiosraitheoir teagmháil leis an duine a bhfuil an tuairisc á déanamh acu le linn an fhiosrúcháin chun a chinntiú nach bhfuil aon phionós á ghearradh orthu.

Faoin Acht um Nochtaí Cosanta, is féidir le hoibrí ar a ngearrtar pionós de bharr go ndearna siad nochtadh cosanta éileamh ar chúiteamh a dhéanamh tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó trí na cúirteanna, de réir mar is cuí. Ní mór éileamh i dtaca l pionós nó dífhostú a thabhairt chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre laistigh d 6 mhí ón dáta ar ar gearradh pionós nó ón dáta dífhostaithe a bhaineann leis an éileamh.

Ní mór éileamh i dtaca le faoiseamh eatramhach, agus an éilitheoir ag feitheamh le himeachtaí sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó sna cúirteanna, a dhéanamh sa Chúirt Chuarda laistigh de 21 lá ó dháta an phionóis nó ó dháta an dífhostaithe.

Má ghearrtar pionós nó má bhagraítear pionós nó má thugtar cead d'aon duine eile pionós a ghearradh nó pionós a bhagairt i gcoinne éinne sa liosta thíos, is coir coiriúil atá i gceist.

- An duine a dhéanann an tuairisc;
- Éascaitheoir (duine a thugann cúnaimh don duine a dhéanann an tuairisc le linn an phróisis tuairiscithe);
- Duine a bhfuil baint acu leis an duine a dhéanann an tuairisc, m.sh. comhghleacaí nó gaol; nó
- Aonán atá i seilbh an duine a dhéanann an tuairisc, aonán dona n-oibríonn siad nó aonán a bhfuil baint eile acu leis i gcomhthéacs oibre.

Má chreideann nochtóir gur caitheadh leo ar bhealach díobhálach, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl don bhainisteoir líne, don bhainisteoir earcaíochta cuí nó do bhainisteoir sinsearach sa réimse nó, i gcás iarrthóirí, do Cheannasaí an Rialachais Faisnéise agus an Chomhlíonta. Tá an bainisteoir a gcuirtear éilimh den chineál seo in iúl dóibh freagrach as bearta cuí a chur i bhfeidhm maidir leis seo, lena n-áirítear eolas a chur ar aghaidh chuig Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha. Sa chás go bhfuil baint ag bainisteoir an duine nó ag bainisteoir earcaíochta cuí nó ag bainisteoir sinsearach leis an íospairt a líomhnaítear, ba chóir don oibrí an cheist a chur in iúl do Cheannasaí na Seirbhísí Coparáideacha, don POF nó do Chathaoirleach Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do mheasúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar gach fógra i dtaca le pionós agus bearta cuí a chur i bhfeidhm de réir mar is gá. Déanfaidh bainisteoir sinsearach neamhspleách a cheapfaidh Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha, an POF nó Cathaoirleach an Bhoird iniúchadh ar aon ghearáin i dtaca le pionós. Má shocraítear go bhfuil pionós á ghearradh ar dhuine, cuirfear gach beart atá ag teastáil chun an t-oibrí a chosaint agus chun deireadh a chur leis an bpionós i bhfeidhm.

Má dhéanann duine dochar do dhuine eile de bharr go ndearna an duine eile nó tríú páirtí nochtadh cosanta, tá sé de cheart ag an duine dona ndearnadh an dochar bearta a chur i bhfeidhm, de réir an dlí, i gcoinne an duine a dhéanann an dochar.

Cosaint agus Tacaíocht do Dhaoine a ndéantar Líomhain ina gCoinne

Déanfaidh muid an t-oibrí a ndéantar líomhain ina c(h)oinne a chosaint i gcónaí le linn an phróisis fiosrúcháin. De réir mar a leagtar amach san pholasaí seo, tabharfar gach eolas dóibh faoin líomhain a rinneadh ina gcoinne agus tabharfar deis dóibh freagra a thabhairt ar na líomhaintí sin. Is féidir leo duine eile a thabhairt leo chuig aon agallamh (agus tabharfar deis do bhaill foirne eile freastal ar chruinnithe dá leithéid má shocraíonn an duine a ndéantar líomhain ina c(h)oinne go gcaithfidh siad comhleacaí a thabhairt leo chuig cruinnithe). Beidh an deis acu comhairle a fháil faoin bPolasaí ó theagmhálaí san eagraíocht (Emma Adams), nó ó bhall ainmnithe eile den fhoireann ardbhainistíochta nach bhfuil baint acu leis an iniúchadh. Beidh siad in ann leas a bhaint as an tSeirbhís Tacaíochta d'Fhostaithe agus is féidir leo coinní a dhéanamh leis an tSeirbhís le linn uaireanta oibre (teagmháil: Teil: 0818 008120 nó [Email: cseas@per.gov.ie](mailto:cseas@per.gov.ie)). Ní bhainfear aon chonclúid as an eolas go dtí go bhfuil an t-iniúchadh, agus an próiseas achomhairc, críochnaithe.

Athbhreithniú

Is féidir athbhreithniú a lorg sna cásanna seo a leanas:

- Is féidir leis an duine a dhéanann an tuairisc athbhreithniú a lorg ar chinneadh a rinneadh, i ndiaidh an mheasúnaithe, an cás a dhúnadh nó a chur ar aghaidh faoi phróiseas eile.
- Is féidir le haon pháirtí a bhfuil tionchar ag cur i bhfeidhm aon bhirt nó toradh aon bhirt (fiosrúchán san áireamh) a cuireadh i bhfeidhm ó fhuarthas tuairisc orthu athbhreithniú a lorg i dtaca leis an gcur i bhfeidhm nó an toradh sin;

- Is féidir le haon pháirtí athbhreithniú a lorg maidir le cur i bhfeidhm nó toradh aon fhiosrúcháin i dtaca le gearán faoi phionós; agus
- Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, is féidir le haon pháirtí a bhfuil tionchar ag aon chinneadh eolas faoin duine a dhéanann an tuairisc a nochtadh do dhaoine nach bhfuil ceadaithe faoi na próisis seo chun plé le tuairiscí.

Déanfaidh athbhreithneoir neamhspleách athbhreithniú (duine nach raibh baint acu leis an gcéad fhiosrúchán) agus ceapfaidh Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha iad. Má dhéantar athbhreithniú den chineál seo, ní hé sin le rá nach bhfuil cead ag an nochtóir a c(h)úiseanna imní a chur in iúl in áiteanna eile, de réir fhorálacha an Achta.

Iarrfar ar oibrithe aiseolas a thabhairt faoin gcaoi a bpléann an tSCP lena nochtadh nuair atá an próiseas críochnaithe.

Tuairisciú

Coimeádfaidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise taifead de gach líomhain a fhaightear, agus de gach iniúchadh a dhéantar faoin bpolasaí seo. Seolfar tuairisc ráithiúil chuig an gCoiste Iniúchta agus chuig Bord na SCP agus beidh an t-eolas seo a leanas inti:

- líon na nochtaí cosanta a rinneadh;
- líon na nochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu agus nár dearbhaíodh;
- líon na nochtaí a dearbhaíodh agus bearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt orthu.

Ullmhaítear Tuarascáil Bhliantúil roimh an 30 Meitheamh gach bliain chomh maith. Ní ainmneofar aon duine sa tuarascáil seo agus beidh eolas inti faoi líon na nochtaí cosanta, na bearta a cuireadh i bhfeidhm agus aon eolas eile atá oiriúnach.

Ina theannta sin, coinneoidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise taifead d'aon phionós a thuiriscítear agus aon teagmháil leis an duine a dhéanann an tuairisc maidir leis an gceist seo. Is féidir go mbeidh sé riachtanach, ag brath ar an gcineál éagóra a



líomhnaíodh agus ar thoradh an fhiosrúcháin, teagmháil rialta a dhéanamh leis an duine a dhéanann an tuairisc chun a chinntiú nár gearradh aon phionós orthu.

Coimeádfar an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi gach nochtadh cosanta a fhaightear, ach cosnófar rúndacht an nochta de réir an pholasaí seo. Coimeádfar an Bord Bainistíochta ar an eolas faoin gcineál éagóra agus faoi aon fhianaise shuntasach a thagann chun tosaigh a thugann le fios gur tharla an éagóir, más cuí. Tabharfar an t-eolas seo dóibh chun gur féidir leo machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí don eagraíocht de bharr an nochta chosanta agus a chinntiú go gcuirtear bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an éagóir á láimhseáil agus go bhfuil gach riosca á laghdú.

Oiliúint agus Tuiscint

Cuireadh gach ball foirne ar an eolas faoin bpolasaí seo ag seisiúin feasachta ar leith agus tabharfar an t-eolas is déanaí maidir le hoibriú an pholasaí dóibh gach bliain (beidh an Polasaí ar fáil ar an Inlíon). Tabharfar eolas faoin bPolasaí do bhaill foirne nua mar chuid den phróiseas ionductaithe. Cuirfear oiliúint speisialaithe sa bhreis ar fáil do bhainisteoirí agus dóibh siúd atá freagrach as iniúchtaí a dhéanamh chun cabhrú leo dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn le linn iniúchtaí ar nochtaí.

Tá tacaíocht ar fáil ó TI Éireann: Is féidir leis an líne chabhrach dar teideal Speak Up a reáchtáilann Transparency International (TI) Éireann tacaíocht a thabhairt do nochtóir ag staid ar bith, sula ndéanann siad tuairisc nó tar éis dóibh tuairisc a dhéanamh. Is féidir dul i dteagmháil leis an líne chabhrach Speak Up ar 1800 844 866, ón Luan go dtí an Aoine, 10r.n.-6i.n. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh trí fhoirm shábháilte ar líne nó trí théacs criptithe chomh maith. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.speakup.ie. Tá treoir maidir le Nochtadh Cosanta a dhéanamh ar fáil ar

https://transparency.ie/sites/default/files/14.12.02_speak_up_safely_final.pdf

Teagmhálaithe

Más mian leat aon ghné den Pholasaí seo a phlé, is féidir leat dul i dteagmháil le:

Catherine Dobbins (catherine.dobbins@publicjobs.ie)



Athbhreithniú ar an bPolasaí

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach bliain agus tabharfar eolas faoin bpolasaí do Bhaill nua de bhoird mar chuid den phróiseas ionductaithe. Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí má fhaightear Treoir ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chomh maith.

Aguisín A

Polasaí Calaoise agus Frith-Éillithe

Tá sé mar aidhm ag an tSCP aon ghníomhaíochtaí calaoiseacha nó mí-ionraice eile a aithint agus a fhiosrú ar bhealach pras agus, de réir mar is cuí, réitigh a lorg faoin dlí. Tá sé mar aidhm ag an tSCP cultúr a chur chun cinn san eagraíocht ina gcuirtear cosc calaoise chun cinn trí thuiscint ar an ngá atá ann le hardchaighdeáin iompair phearsanta a fhorbairt. Cuirfear na bearta smachta agus dlí cuí i bhfeidhm i gcoinne fostaí/fostaithe má thagann aon ghníomhaíocht chalaioise chun solais de bharr fiosrúcháin, nó má chiontaítear duine, nó má dhéanann siad admháil i scír bhinn, lena n-áirítear deireadh a chur le fostaíocht, deireadh a chur le conradh, cúiteamh agus/nó aon eolas cuí a chur ar aghaidh chuig na húdaráis chuí d'ionchúiseamh coiriúil. Lorgófar aisíocaíocht d'aon chaillteanas i ngach cás agus bheadh an tSCP ag súil leis, de ghnáth, go n-aisghabhfaí gach costas mar aon le gach caillteanas.

Calaois a Thuairisciú

Calaois nó Iompar Mí-Eiticiúil a Thuairisciú

Tá sé de dhualgais ar gach duine lena mbaineann aon chalaiois amhrasta a thuairisciú láithreach, de réir na nósanna imeachta a leagtar amach thíos. Glacfar leis go bhfuil daoine a cheileann, a chuireann bac le, nach dtuairiscíonn nó nach ndéanann monatóireacht ar chalaiois atá aitheanta acu, nó ar chalaiois ar chóir dóibh a aithint, ina gcúlpháirtí i ndiaidh an ghnímh agus is féidir go gcuirfí bearta smachta i bhfeidhm dá bharr agus/nó is féidir go gcuirfí deireadh lena bhfostaíocht, más gá. Cuirfear bearta smachta i bhfeidhm ar dhaoine a dhéanann bagairt maidir le díoltas i gcoinne duine a thuairiscíonn calaois amhrasta, lena n-áirítear deireadh a chur le fostaíocht, más gá.

Ní mór a bheith an-chúramach agus muid ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí mí-ionraice nó calaoiseacha chun na nithe seo a leanas a sheachaint:

- Cúisimh mhíchearta
- Daoine a bhfuil amhras fúthu a chur ar an eolas go bhfuil fiosrúchán ar siúl
- Caitheamh le duine/daoine atá cúisithe ar bhealach míchothrom
- Ráitis a dhéanamh a d'fhéadfadh maoimh maidir le cúisimh bhreagracha nó gearán eile a spreagadh.

I ngach cás, níor chóir an eachtra, na fíricí, amhras nó líomhaintí a phlé le héinne, laistigh nó lasmuigh den tSCP, ach amháin má thugann an t-oifigeach a bhfuil an eachtra á fiosrú acu treoir duit é seo a dhéanamh. Go háirithe, níor chóir an cheist a phlé leis an duine a bhfuil amhras ann fúthu maidir le calaois.

Is féidir calaois a aithint ag aon leibhéal laistigh den tSCP agus níor chóir go mbeadh na prionsabail ghinearálta seo a leanas i gceist maidir le calaois amhrasta a thuairisciú:

- Ba chóir do dhuine a cheapann go bhfuil seans ann go bhfuil gníomhaíocht chalaioiseach ag tarlú an cheist a thuairisciú dá b(h)ainisteoir ar dtús. Dá mbeadh sé míchuí tuairisc den chineál seo a dhéanamh do bhainisteoir díreach, ba chóir an tuairisc a dhéanamh do bhainisteoir sinsearach, do Cheannasaí na Seirbhísí Corparáideacha nó go díreach don POF;
- Nuair a dhéantar tuairisc maidir le calaois amhrasta don bhainisteoir, ba chóir don duine sin an t-amhras a thuairisciú do bhainisteoir sinsearach, do Cheannasaí na Seirbhísí Corparáideacha nó don POF;
- Nuair a fhaigheann bainisteoir sinsearach tuairisc maidir le calaois amhrasta, ba chóir dóibh an cheist a thuairisciú do Cheannasaí na Seirbhísí Corparáideacha agus don POF.

Is féidir calaois amhrasta a thuairisciú trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta a leagtar amach sa Pholasaí maidir le Nochtadh Cosanta, agus is féidir go mbeidh an duine a thuairiscíonn calaois (trí cheachtar den dá mhodh) i dteideal cosaintí a leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Níor chóir aon fhiosrúchán ar chalaiois amhrasta a chur a siúl go dtí go gcuirfear Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha agus/nó an POF ar an eolas. Má tá baint ag ceachtar den bheirt seo/ag an mbeirt acu leis an gcás, ba chóir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta Inmheánaigh a chur ar an eolas.



Treoirlínte do Bhaill Foirne na SCP maidir le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Tugann ‘Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse’ gur chóir do gach Roinn/Oifig treoirlínte sa bhreis a thabhairt dá mbaill foirne maidir le hobair na heagraíochta.

Leagadh treoirlínte sa bhreis amach do bhaill foirne de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (tá an leagan iomlán ar fáil ar an leathanach ar an Inlíon a bhaineann le hAonad na nDaoine agus an Chultúir).

Toisc go ndéanaimid earcaíocht agus roghnú don tSeirbhís Phoiblí, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil ár ngnó bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: ionracas, neamhchlaontacht, éifeachtacht, cothromas, agus cuntasacht.

Caithfidh baill foirne cloí le hardchaighdeáin maidir le seirbhísí a sholáthar agus leis na caighdeáin is airde maidir le hionracas. Ní mór do bhaill foirne iad féin a iompar ar bhealach cuí agus iad i mbun oibre chomh maith. Ba chóir do gach ball foirne a chinntiú chomh maith go bhfuil siad gléasta ar bhealach atá oiriúnach do ghnó na heagraíochta seo, agus go bhfuil siad tuisceanach le agus go léiríonn siad go bhfuil meas acu ar an bpobal, ar chustaiméirí agus ar chomhghleacaithe.

Baineann riachtanais uilig an Chóid le gach ball foirne san eagraíocht. Tá ceistanna ar leith ann chomh maith a bhaineann lenár n-oifig, lena n-áirítear a chinntiú go gcoinnítear caighdeáin chúí maidir leis an rochtain atá againn ar ábhar agus ar phróisis earcaíochta agus roghnaithe do na poist uilig a ndéanaimid earcaíocht dóibh. Tá sé fíorthábhachtach nach mbaintear mí-úsáid as an rochtain seo ar aon bhealach.

Ba chóir duit aon sárú amhrasta ar an gCód a thuairisciú do do Bhainisteoir nó d’Aonad na nDaoine agus an Chultúir. Coimeádfar na tuairiscí seo faoi rún nuair is féidir agus cloífear le nósanna imeachta a bhaineann le fiosrúchán cuí a dhéanamh.

Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta

Bainistíocht Líne

Beidh Bainisteoirí Líne freagrach as feidhmíocht agus caighdeáin sláinte agus sábháilteacha maidir le gníomhaíochtaí a bhfuil smacht acu orthu. Táthar ag súil leis go gcloífear leis an ráiteas sábháilteacha agus ní mór do bhainisteoirí eolas a thabhairt don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta faoi aon eachtra ina bhféadfadh coimhlintí sláinte agus sábháilteachta tarlú.

Gach Ball Foirne

Tá na dualgais dlí seo a leanas ar fhosaithe faoi Chuid 13 agus 14 den *Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair, 2005*. Ní mór do gach ball foirne na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a bheith cúramach maidir lena sábháilteacht, a sláinte agus a leas féin agus maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas dhaoine eile;
- a chinntiú nach bhfuil siad faoi thionchar ábhair mheisciúil ar bhealach a chiallaíonn go bhféadfaidís iad féin nó daoine eile a chur i mbaol;
- oibriú lena bhfostóir nó le daoine eile, de réir mar is cuí;
- gan iad féin a iompar ar bhealach mí-chuí (lena n-áirítear bulaíocht/ciapadh);
- freastal ar oiliúint riachtanach;
- úsáid a bhaint as fearas nó éadaí sábháilteachta, nó as nithe eile a chuirtear ar fáil ar son a sábháilteachta, a sláinte agus a folláine féin san ionad oibre;
- na nithe seo a leanas a thuairisciú don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a luaithe is féidir;
 - (i) aon obair a d'fhéadfadh a sláinte agus sábháilteacht féin nó sláinte agus sábháilteacht dhaoine eile a chur i mbaol;
 - (ii) aon fabht san ionad oibre, i gcórais oibre, rudaí nó ábhair eile;
 - (iii) aon sárú ar an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a thugann siad faoi deara.

- Ciorclán na Roinne Airgeadais 8/2009: De réir Pholasáí na Státseirbhíse maidir le Mí-Úsáid Alcóil agus Drugaí, tá gach oifigeach freagrach as dul i ngleic le mí-úsáid alcóil nó drugaí san ionad oibre.
- Cloí le Nósanna Imeachta maidir le Sealbhóirí Eochracha agus Nósanna Imeachta TF Ar Glao.

Níl cead ag fostaithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur isteach ar, mí-úsáid a bhaint as, nó dochar a dhéanamh d'aon rud a thugtar dóibh chun sláinte, sábháilteacht agus folláine dhaoine a chosaint san ionad oibre;
- Duine eile a chur i mbaol maidir le gníomhaíochtaí oibre;
- Cur isteach ar nó mí-úsáid a bhaint as aon fhearas, nó as fearas sábháilteachta a thugtar chun sábháilteacht, sláinte nó folláine dhaoine san ionad oibre a chosaint d'aon ghnó nó ar bhealach meargánta.

Aguisín B

Cairt maidir le Nochtaí Cosanta a Thuairisciú

Roghanna maidir le Nochtaí Cosanta d'Oibrithe (lena n-áirítear baill de bhoird roghnaithe agus conraitheoirí)

Bainisteoir Líne/Bainisteoir Earcaíochta
nó

Bainisteoir Sinsearach



Cuirfidh an faighteoir an
t-eolas ar aghaidh chuig
an gCeannasaí
Comhlíonta agus
Rialachais Faisnéise

Rachaidh an Ceannasaí
Comhlíonta agus
Rialachais Faisnéise i
dteagmháil leis an mball
foirne maidir le toradh an

Má tá cúis mhaith ann gan dul i dteagmháil le bainisteoir líne nó le bainisteoir sinsearach, is féidir leat dul i dteagmháil leis na daoine seo a leanas:

Aon bhainisteoir ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó ag leibhéal an Phríomhoifigigh An Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise –
protecteddisclosures@publicjobs.ie
Cathairleach Bhord na SCP (Tom Moran)

An tAire cuí (an tAire Caiteachais Phoiblí, Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe – Paschal Donohoe nó Aire atá freagrach as ceapachán i ról áirithe má bhaineann an nochtadh le próisis cheapachán ar leith) –
Minister@par.gov.ie

Is féidir go mbeadh na nithe seo san áireamh sa

Tuairisc:

- An ní a tharla (nó an ní a tharla, dar leis an nochtóir)
- An áit inar tharla sé
- Cé a bhí páirteach?
- An bhfuil baol ann go mbeidh cailteanas ar an tSCP nó an bhfuil cailteanas uirthi?
- Ar tharla sé roimhe seo?
- Ar chuir éinne imní in iúl maidir leis roimhe seo?
- An bhfuil finnéithe eile ann?

Duine Forordaithe [gov.ie](http://www.gov.ie)
- Nochtaí Cosanta
(Sceithreacht): [Liosta de dhaoine forordaithe \(www.gov.ie\)](http://www.gov.ie).

CCSP
<https://www.cpsa.ie/>

Coimisinéir um Nochtaí

Tuairisciú don Choiste Iniúchta Inmheánach agus don Bhord maidir leis an nochtadh, an toradh agus na rudaí ata le foghlaim ag an tSCP.

Roghanna i dtaca le Nochtaí Cosanta d'Iarrthóirí de chuid na SCP

Athbhreithneoir Foirmiúil ag
CEOMailbox@publicjobs.ie or
protecteddisclosures@publicjobs.ie

Má tá cúis mhaith ann gan dul i dteagmháil leis an Athbhreithneoir Foirmiúil, is féidir leat dul i dteagmháil leis na daoine seo a leanas:

An Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais (Sinéad Dolan) -
protecteddisclosures@publicjobs.ie

An tAire cúí (an tAire Caiteachais Phoiblí, Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe – Paschal Donohoe nó Aire atá freagrach as ceapachán i ról áirithe má bhaineann an nochtadh le próisis cheapacháin ar leith) – Minister@per.gov.ie

Cuirfidh an faighteoir an t-eolas ar aghaidh chuig an gCeannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise

Rachaidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise i dteagmháil leis an mball foirne maidir le toradh an mheasunaithe.

Próiseas Iniúchta
Nuair is cúí

Rachaidh an Ceannasaí Comhlíonta agus Rialachais Faisnéise i dteagmháil leis an mball foirne maidir le toradh an mheasunaithe (más

Is féidir go mbeadh na nithe seo san áireamh sa
Tuairisc:

- An ní a tharla (nó an ní a tharla, dar leis an nochtóir)
- An áit inar tharla sé
- Cé a bhí páirteach?
- An bhfuil baol ann go mbeidh caillteanas ar an tSCP nó an bhfuil caillteanas uirthi?
- Ar tharla sé roimhe seo?
- Ar chuir éinne imní in iúl maidir leis roimhe seo?
- An bhfuil finnéithe eile ann?

Ní mór don iarrthóir éagóir a thabhairt faoi deara le linn an phróisis

Duine Forordaithe
gov.ie - [Nochtaí Cosanta](#)
(Sceithireacht): [Liosta de dhaoine forordaithe \(www.gov.ie\)](#).


CCSP
<https://www.cpsa.ie/>

Coimisinéir um Nochtaí Cosanta
[Faoin gCoimisinéir um Nochtaí Cosanta | OPDC.ie](#)

Roghanna Eile
Má chomhlíontar na riachtanais dhochtá i

Tuairisciú don Choiste
Iniúchta Inmheánach
agus don Bhord maidir
leis an nochtadh, an
toradh agus na rudaí
ata le foghlaim ag an
tSCP.

Aguisín C



THE INTEGRITY AT WORK PLEDGE

Public Appointments Service recognises the importance of maintaining an ethical workplace and the valuable contribution of those who raise concerns about wrongdoing. We commit to not penalising, or permitting penalisation against, a worker* who reports risks or incidents of wrongdoing and to responding to or acting upon those concerns.

In committing ourselves to this pledge we will work towards implementing a 'whistleblowing'/protected disclosures policy and procedures which will:

- a. Promote the reporting of wrongdoing or the risk of harm to a responsible person inside the organisation or external bodies as appropriate.
- b. Provide comprehensive information about the types of disclosures that can be made, by whom and in respect of what.
- c. Encourage our workers to seek professional advice both prior or subsequent to making a report.
- d. Assure our workers that any report will be dealt with in the strictest confidence and that their identity or identifying information will not be disclosed to third parties unless required by law or necessary for the purposes of conducting an investigation.
- e. Provide our workers with sufficient notice and a timely explanation in the event that his or her identity is to be disclosed to a third party.
- f. Confirm that reports will be acted upon within a reasonable time frame and take whatever remedial action is deemed necessary by the organisation to address any wrongdoing or the risk of wrongdoing that might have been identified in response to the report.
- g. Commit to keeping any worker who makes a report informed on the progress of investigations.
- h. Provide for appropriate disciplinary action to be taken against anyone found to have penalised a worker for (i) having reported wrongdoing or (ii) refusing to engage in wrongdoing.
- i. Additionally, the organisation commits to record anonymised data each year on i) the number of reports made to it under the Protected Disclosures Act 2014, ii) the nature of each report, iii) the number of complaints of retaliation against workers who have made disclosures and iv) the action taken in response to each report.
- j. Share this data (as set out in paragraph i) with senior management, including the Board, or with the Minister of Public Expenditure and Reform (where appropriate).
- k. Ensure that our managers and responsible persons are aware of our commitments under this Pledge and related policies and procedures and are adequately trained in handling a report.
- l. Publicise our commitment to the Integrity at Work initiative with our workers and other relevant stakeholders.

* "Worker" refers to staff, contractors, consultants, agency staff and interns

Details of our Protected Disclosures Policy and Procedures can be found on our website at www.publicjobs.ie

Margaret M^c Cabe
Signed

CEO 05/09/22
Position Held Date

[Signature]
Signed

Chairman 05/09/22
Position Held Date